Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2019
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0353(COD)**

**9429/19**
**ADD 1**

**CODEC 1109**
**ENT 138**
**MI 455**
**CONSOM 171**
**COMPET 415**
**UD 146**
**CHIMIE 83**
**COMER 73**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE, Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an téacs comhaontaithe á chur in ionad an bhunúis dlí thriaraigh atá leis an togra ón gCoimisiún (Airteagal 114 CFAE - an margadh inmheánach, Airteagal 33 CFAE - comhar custaim, Airteagal 207 - comhbheartas tráchtála) le bunús dlí dúbailte, tríd an mbunús dlí atá leis an gcomhbheartas tráchtála a chur ar ceal. Tá an Coimisiún den tuairim go fóill go bhfuil údar cuí iomlán leis an mbunús dlí triarach maidir leis na forálacha lena rialaítear na coinníollacha chun rochtain a fháil ar tháirgí de thionscnamh tríú tíortha i margadh an Aontais. Thairis sin, is i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 atá an comhbheartas tráchtála. Is oth leis an gCoimisiún Airteagal 207 CFAE a scriosadh mar bhunús dlí leis an Rialachán.

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Chun rialuithe ar tháirgí ag oifigí custaim a neartú, tugtar de chumhacht don Choimisiún, leis an Rialachán, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun tagarmharcanna agus teicnící i leith seiceálacha a leagan amach ar bhonn anailísiú chomhchoiteann riosca ar leibhéal an Aontais. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún úsáid a bhaint as an gcumhachtú sin.

**Ráiteas comhpháirteach ón mBulgáir, Lucsamburg, an tSlóvaic, agus an Ríocht Aontaithe**

Tacaíonn an Bhulgáir, Lucsamburg, an tSlóvaic agus an Ríocht Aontaithe le haidhmeanna uileghabhálacha an togra maidir le Comhlíonadh agus Forfheidhmiú chun faireachas margaidh a neartú ionas go gcomhlíonfaidh táirgí reachtaíocht an Aontais agus go mbeidh an creat bonn ar bhonn leis an ngeilleagar nua-aimseartha agus le teicneolaíocht atá ag forbairt go mear.

Creidimid, áfach, nach ndearnadh measúnú leordhóthanach ar thionchar Airteagal 4 (Cúraimí na n-oibreoirí eacnamaíocha maidir le táirgí atá faoi réir reachtaíocht áirithe de chuid an Aontais um chomhchuibhiú), nach bhfuil sé bunaithe go leordhóthanach ar riosca agus go gcuirfidh sé ualach míchuí ar ghnólachtaí beaga agus meánmhéide.

Cé go n-aontaímidne, na sínitheoirí, le prionsabail an togra agus go bhfuilimid tiomanta do chóras comhpháirteach láidir um fhaireachas margaidh chun tomhaltóirí a chosaint agus cothrom na Féinne a áirithiú do ghnólachtaí, ní féidir linn tacaíocht iomlán a thabhairt don togra mar gheall ar na rioscaí suntasacha a bhaineann le hAirteagal 4 nach ndearnadh measúnú leordhóthanach orthu.